

An Oifig um Rialú Tobac Tuairisc Bhliantúil 2004





Office of **TOBACCO
CONTROL**

An Oifig um Rialú Tobac
Ionad Siopadóireachta
Claonadh, Co. Chill Dara
Éire

Tel: +353 (0)45 892015
Facs: +353 (0)45 892649
R-phoist: info@otc.ie

www.otc.ie

ISBN No. 0-9541491-6-5 © An Oifig um Rialú Tobac

Clár Ábhar

| | |
|--|----|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin | 6 |
| Baill an bhoird | 8 |
| Réamhrá | 10 |
| Cairt Eagrúcháin | 11 |
| An Fhoireann Chigireachta | 12 |
| Cumarsáid agus Oideachas | 17 |
| Taighde | 23 |
| Gnóthaí Corparáide | 25 |
| Cuntais Airgeadais | 27 |
| Aguisín A - Liosta de Fhoilseacháin | 35 |

Ráiteas an Chathaoirligh

Mar Chathaoirleach na hOifige um Rialú Tobac, tá sé ina chúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2004 a chur i do láthair. Bliain an-suntasach a bhí ann don Oifig, a bhí freagrach as an obair ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh reachtaíocht na n-ionad oibre saor ó thobac a thabhairt isteach, chomh maith le maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas sin agus é a chomhordú, reachtaíocht a bhí ar an gcéad cheann dá leithéid ar domhan.

Is í tabhairt isteach na reachtaíochta do láthair oibre gan cead caite ceann de na bearta sláinte is suntasaí a tugadh isteach a riamh sa tír agus rud a bheadh dodhéanta gan tacaíocht agus ceannasaíocht an Rialtais, na páirtithe polaitiúla uilig, An Roinn Sláinte agus Leanaí, baill an Bhoird agus foireann na h-Oifige, na h-eagraíochta neamhrialtasacha agus pobal na hÉireann i gcoitinne.

Taispeánann na figiúirí ag deireadh na bliana comhlíonadh ar 94% leis an reachtaíocht, sin a rá go bhfuil tacaíocht iomadúil don bheart. Léiríonn sé chomh maith nach raibh cúlra ag an fíoramhras a bhí luaite maidir leis an dóchúlacht deacrachtaí fheidhmithe and forfheidhmithe. I ndáiríre, bhí gach rath ar fheidhmiú agus forfheidhmiú na reachtaíochta.

Thar ceann ár mBord, ba mhaith liom mo chomhghairdeas a thabhairt do na n-Oifigigh Sláinte Comhshaoil laistigh de na boird sláinte a bhí freagrach don chomhlíonadh foirgnimh and forfheidhmithe. Ba mhaith liom chomh maith, buíochas a thabhairt don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, pobal na tíre, an bhainistíocht agus fostaithe ar na láithreacha oibre, an earnáil fáilteachais go háirithe, a thug tacaíocht don chomhlíonadh agus forfheidhmiú nuair a tháinig an reachtaíocht isteach.

Is í tabhairt isteach na reachtaíochta do láithreacha oibre gan cead caite, a bhí go príomha ina bheart sláinte, céim thábhachtach fosta chun cuspóir níos leithne na h-Oifige a bhaint amach maidir le feidhmiú polasaí an Rialtais chun srian a chur ar thobac mar atá sé leagtha amach sa cháipéis polasaí *Ar An Bhealach Go Dtí Sochaí Saor ó Thoit Tobac*. Ar eagla, áfach, go bhfuil muid ag déanamh talamh slán ó thaobh na fadhbanna le tobac a rialú, ta se seo i bhfad ón fhirinne. Cé gur thit an toirt i lucht caite tobac go suntasach ó na h-ochtóidí ar aghaidh, go fóill tá toirt chaithimh thart ar 24% agus tá ard-leitheadúlacht i measc an aosa óig, mná óga go h-airithe.

Tá géarghá ann le taighde a dhéanamh sna ceantair seo agus áiteanna eile sa dóigh go mbeadh fianaise againn chun bearta a fhorbairt a dtéann i ngleic leis na dúshlán ó thaobh rialaithe tobac. Ba chóir go bhfeicfí dul chun cinn sa cheantar seo le linn na míonna agus na mblianta amach anseo ó bhunú na h-Institiúide Taighde do Shochaí Saor ó Thobac ar thalamh slán i 2004.

Caithfidh obair na h-Oifige leanúint ag lean ar aghaidh chun polasaí an Rialtais maidir le sochaí saor ó thobac a bhaint amach agus beidh tacaíocht agus dúthracht leanúnach ón Rialtas de dhíth orainn chun seo a dhéanamh.

Cuireann an tuairisc seo síos faoin dul chun cinn atá déanta ag an Oifig i 2004. Taispeáineann sé chomh maith go raibh an bhainistíocht acmhainne cúramach go leor agus an toradh ag nochtadh fo-chaitheamh airgid ag deireadh na bliana.

Ní bheadh na héachtaí sa tuairisc seo faighte againn gan tacaíocht, dúthracht agus tiomnú go leor daoine agus eagraíochtaí. Thar ceann ár mBord, ba mhaith liom mo chomhghairdeas agus buíochas ó chroí a thabhairt don Rialtas, agus don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí Mary Harney TD go háirithe, ar son a cuid tacaíochta, da réamhtheachtaí an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, as an bhfís agus ceannasaíocht a bhí aige an reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite a chur chun cinn le linn a chuid ama mar Aire Sláinte, agus do na hAíré Stáit chomh maith, go háirithe an t-úasal Seán Power TD, atá freagrach maidir le Rialú Tobac. Ba mhaith liom chomh maith, buíochas a thabhairt don Rúnaí Ginearálta agus foireann na Ranna Sláinte agus Leanaí don chuidiú leanúnach agus tacaíocht, bhainistíocht agus foireann na mbord sláinte, na h-oifigí sláinte comhshaoil, foireann cuir chun cinn na sláinte agus na stiúrthóirí cumarsáide.

Táimid ag súil go mór bheith ag obair leis an Tánaiste, an tAire Stáit, An Roinn agus Feidhmeannach na Seirbhíse Sláinte (FSS) chun forbairt a chur chun cinn sochaí saor ó thobac a bhaint amach.

Tá an obair agus tacaíocht ó na heagraíochtaí neamhrialtasacha fíorthábhachtach do shochaí saor ó thobac a bhaint amach, rud go bhfuil soiléir ón ról a bhí acu ag cinntiú i dtús báire tabhairt isteach na reachtaíochta a bhaineann le láithreacha oibre gan cead caite. Tá mé ag iarraidh a chur i n-iúl ár mbuíochas do na heagraíochtaí uilig, agus go háirithe Cumann Ailse na hÉireann, Foras Croí Na hÉireann agus ASH Ireland, chomh maith leis na ceardchumainn agus eagraíochtaí eile sa sochaí shibhialta, as ucht a gcuid dúthrachta agus tacaíochta do shaothar na h-Oifige.

Sa deireadh, ba mhaith liom a chur in iúl buíochas ó chroí do bhainistíocht agus foireann na h-Oifige as a gcuid dianobire agus dúthrachta le linn na bliana agus, go háirithe, ómós a thabhairt don uasal Tom Power, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, ar son an pháirt suntasach a ghlac sé ní hamháin maidir le forbairt agus saothar na hOifige seachas an obair níos leithne atá déanta aige agus an méid eolais atá aige maidir le rialú tobac.

Do mo chomhghleacaithe ar an mBord deirim maith sibh as ucht bhuíochas, ndúthrachta agus tiomnú agus sibh ag stiúradh an Bhoird tríd an bhliain chorráitheach agus dhúshlánach seo.



Dr Michael Boland
Cathaoirleach



Tuairisc Athbhreithniú

An Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Fáilte romhaibh chuig Tuairisc Bhliantúil na hOifige um Rialú Tobac do 2004. Cuireann an tuairisc síos faoin réimse gníomhaíochtaí a bhí i mbun na h-Oifige chomh maith leis an fheidhmíocht agus toradh na bliana. Anseo beidh mé ag achoimriú cuid de na príomh gníomhaíochtaí ón dtuairisc ach mholfainn daoibh an cháipéis iomlán a léamh.

Ba í an bhéim is mó in obair na h-Oifige ná ag déanamh réidh don fheidhmiú reachtaíochta um láithreacha oibre gan cead caite. Rud a bhí i gceist san áireamh ag an obair seo ná bunú chlár cigireachta, líne chomhlíonta agus taighde a choimisiúnú chun comhlíonadh na reachtaíochta a fhaire agus nuair a bhí sí i bhfeidhm. Rinneadh sraith treoircháipéisí chun cuidiú a thabhairt do fhostóirí, agus lucht trádála ceadúnaithe, na forálacha den reachtaíocht a chomhlíonadh agus bhí 15,000 cóip eisithe chuig an trádáil. Tar eis tosú agus feidhmiú na reachtaíochta, rinneadh roinnt tuairiscí chun an dul chun cinn a fhaire maidir le feidhmiú agus comhlíonadh agus, mar a nochtann an tuairisc seo, ag deireadh na bliana d'fhán an comhlíonadh ag leibhéal ard de 94%, ag taispeáint tacaíocht iomadúil don bheart agus an rath a bhí againn chun an dlí a chur i bhfeidhm.

Bhí an Oifig i mbun réimse fairsing gníomhaíochtaí cumarsáide le linn na bliana, rud a thug cuidiú dúinn nuair a bhí an déanamh réidh i gceist againn do thabhairt isteach na reachtaíochta agus an comhlíonadh a chothú ina dhiaidh. I measc na gníomhaíochtaí seo, bhí an soláthar eolais ar an reachtaíocht tríd réimse bealaí cumarsáide, freagairt ar cheisteanna ó na meáin, seimineáir agus cruinnithe eolais a eagrú agus réimse feachtais meán cumarsáide a fhorbairt. Mar roinnt d'Uachtaránacht na hÉireann den Aontas Eorpach, phleanáil agus d'eagraigh an Oifig, chomh maith leis An Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Comhphobal Eorpach, comhdháil idirnáisiúnta um rialú tobac.

Tá an taighde thar a bheith tábhachtach san obair ar smacht ar tobac agus má tá an rath dul a bheith orainn chun polasaí an Rialtais a chur i bhfeidhm sa cheantar seo, beidh orainn an taighde seo a fhorbairt. Bhog an Institiúid Taighde do Shocháil Saor ó Thobac céim chun chinn le linn na bliana nuair a cheapadh Stiúrthóir agus foireann tacaíochta, rud a chuir ar chumas roinnt staidéir taighde a bhunú, san áireamh, measúnú maidir leis an caitheamh fulangach tobac i mbeáir agus áiteanna díolmhaithe, chomh maith le eacnamaíocht cógais.

Thosaigh an Staidéar um Oibríthe Beáir uile Éirinn i 2003 agus tá sé ag scrúdú iarmhairt na reachtaíochta láithreacha oibre ar oibríthe na mbeáir roimh agus i ndiaidh teacht isteach an fheidhmiú. Tá dóchas ann go mbeidh an staidéar seo foilsithe ag deireadh 2005.

Bhí cur chun cinn ag na seirbhísí corparáideacha chomh maith, le forbairt laistigh d'earcaíocht, oiliúint, agus feabhas curtha ar theicneolaíocht eolais cumarsáide agus laistigh de córais airgeadais. Bhí an oifig ag feidhmiú go maith ó thaobh bainistíocht an bhuiséid de, le fo-chaitheamh airgid beag luaite ag deireadh na bliana.

Bliain eisceachtúil a bhí i 2004 agus an rath orainn an reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite a thabhairt isteach. Tá sainchúram leathan go leor, áfach ag an Oifig maidir le rialú tobac agus, mar a thug an Cathaoirleach aird air, tá go leor obair le déanamh againn go fóill, go háirithe an ard-leitheadúlacht caite i measc an aosa óig a íslíú, agus níos tromchúisí i measc mná óga.

Tagann an bua atá faighte againn mar thoradh oibre agus dúthrachta go leor daoine. Ba mhaith liom, mar sin, thar ceann na bainistíochta agus na foirne mo bhuíochas a thabhairt ó chroí don Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí Ms Mary Harney TD as a cuid tacaíochta ó ghlac sí seilbh ar a post, dá réamhtheachtaí, an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin TD, as an bhfís agus dúthracht a bhí aige an reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite a chur chun cinn agus don uasal Seán Power TD, an tAire Stáit atá freagrach maidir le rialú tobac as a chuid tacaíochta leanúnach, agus don Rúnaí Ginearálta agus foireann na Ranna ar son a gcuid cabhrach agus tacaíochta gan stad, chomh maith leis na heagraíochtaí neamhrialtasacha as ucht a gcuid tacaíochta agus cabhrach. Ba mhaith liom mo bhuíochas a thabhairt don Chathaoirleach agus baill an Bhoird agus iad ag treorú daoine tríd an bhliain agus, taobh amuigh de sin, an croí agus aigne a bhí acu na polasaithe a fhorbairt agus a dheimhniú chun ár sprioc a bhaint amach, is é sin sochaí saor ó thobac a bheith againn.

Do mo chomhghleacaithe ar an ghrúpa bainistíochta agus an fhoireann, ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a chur i n-iúl ar son na tacaíochta, dúthrachta agus tiomnaithe a thaispeáin sibh, agus chomh maith, gúim gach rath go buan ar na daoine a d'fhág an Oifig le linn na bliana.

Tá céim chun chinn suntasach déanta againn i dtreo sochaí saor ó thobac i 2004. Tá sé mar dhualgas orainn anois aithris a dhéanamh ar an éacht seo i 2005 agus ar aghaidh.



Raphael Mitchell
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin gníomhach



Baill an Bhoird

Ag deireadh Mí na Nollag 2004, bhí na daoine seo a leanas ina mbaill de Bhord na h-Oifige:



An Dr Michael Boland (Cathaoirleach)
Stiúrthóirí
Coláiste Éireannach na nGnáthdhochtúirí



An Dr Shane Allwright
Léachtóir Sinsearach i n-Eipidéimeolaíocht
Eolaíochtaí Sláinte - Coláiste na Tríonoide



Tony Christie
Príomhoifigeach Sláinte Comhshaoil
Bord Sláinte an Deiscirt



An Dr Patrick Doorley
Feidhmeannach na Seirbhísí Sláinte



Chris Fitzgerald
Príomhoifigeach Sláinte
An Roinn Sláinte agus Leanaí



Nuala Flavin
Stiúrthóir Forbartha/Clárghainisteoir
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Bhuail Bord Reachtúil na h-Oifige um Rialú Tobac le chéile ocht n-uair i 2004, agus bunaíodh na ceithre fo-choistí seo a leanas:

- **Coiste Iniúcháireachta**
- **Coiste Gnóthaí Rialaitheacha**
- **Coiste Míochaine**
- **Coiste Eolaíochta**



Ann Guilfoyle
Ball an Bhoird Bainistíochta
Scoil an Bhreac Chluain



Donal O'Shea
Cathaoirleach
Ospidéal Beaumont



An Dr Edward O'Sullivan
Leas-Chathaoirleach
Comharchumann na n-Gnáthdhochtúirí
Cathair Chorcaí



Eileen O'Sullivan
Stiúrthóir Chleachtais Múinteoireachta
Ollscoil Luimní



An t-Oll. Michael P. Ryan
An Roinn Cógaseolaíochta
Coláiste na hOllscoile,
Baile Átha Cliath COBAC



An Dr Jane Wilde
Stiúrthóir
Institiúid na Sláinte Poiblí.

Réamhrá

Is comhlacht reachtúil é an Oifig um Rialú Tobac a bhunaíodh chun cur i bhfeidhm agus riar a chur ar pholasaí an Rialtais maidir le rialú tobac de réir na h-achoirre sa tuairisc *'Ar An Bhealach Go Dtí Sochaí Saor ó Thobac'*, a bhí foilsithe i 2000.

Tá an Oifig tiomanta tacú le polasaí an Rialtais maidir le cur chun cinn sochaí saor ó thobac tríd na feidhmeanna atá sannta chuige de bhua an Achta Sláinte Poiblí (Tobac) 2002, a chomhlíonadh ar bhealach gairmiúil agus neamhspleách.


Is féidir iad siúd a achoimriú mar seo:

- 1. Comhairle a thabhairt don Aire Sláinte agus Leanaí agus í/é a chuidiú san fheidhmiú polasaithe agus cuspóirí an Rialtais maidir le smacht agus rialachán ar tháirgí tobac go ginearálta**
- 2. Dul i gcomhairle leis na comhlachtaí ábharthachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta, ó thaobh na bhforbairtí laistigh de rialú tobac**
- 3. Comhairle a thabhairt don Aire maidir le bearta ar bith eile gur chóir a bheith glactha chun íslíú nó díbirt a chur ar an gcaitheamh tobac agus an éifeacht atá aige**
- 4. Eagrú taighde agus na torthaí a chraobhscaoileadh**
- 5. Comheagrú de chlár cigireachta náisiúnta i gcomhoibriú leis na boird sláinte**
- 6. Comhairle a thabhairt don Aire, más gá, ar dhéantúsaíocht agus gníomhaíochtaí margaidh an tionscail tobac**
- 7. A leithéid de fheidhmeanna eile a chomhlíonadh go mbeadh an t-Aire ag sannadh don Oifig ó am go chéile**

Lena chois sin, beidh an Oifig ag comhlíonadh feidhmeanna sainaitheanta áirithe cosúil leis an cothabháil de chlár áitribh miondíola agus teisteanna comhlíonta a stiúradh ar tháirgí tobac.

Mar a thaispeánann an tuairisc, ghlac obair na h-Oifige isteach réimse leathan gníomhaíochtaí le linn na bliana. Níl an cumas, áfach, ag leithéid de thuairisc an obair agus gníomh iomlán de cibé eagraíocht a thaispeáint mar is ceart, ach bheireann sé cuntas de phríomh-ghníomhaíochtaí na h-Oifige tríd an bhliain. Laistigh de na leathanaigh seo a leanas, tá cur síos ar ghníomhaíochtaí na h-Oifige faoi na cinnlínte siúd - Cigireacht, Cumarsáid agus Oideachas, Taighde, Gnóthaí Corparáide agus Cuntais Airgeadais. Cuireann an chairt seo a leanas síos ar chóras eagrúcháin na h-Oifige ag deireadh na bliana 2004

Cairt Eagrúcháin



An Fhoireann Chigireachta

Mar a tugadh le fios níos luaithe sa tuairisc seo, tá réimse freagrachtaí ag an Oifig ó thaobh monatóireachta agus cigireachta de. Go sainiúil, clúdaíonn ról na foirne cigireachta na rudaí seo a leanas:

- **Forbairt agus monatóireacht na riachtanas dlíthiúil náisiúnta ar an tionscal tobac agus tionscail a bhaineann leis**
- **forbairt agus monatóireacht an chláir cigireachta náisiúnta don reachtaíocht láithreacha oibre gan cead caite**
- **ag feidhmiú mar oifigeach údaraithe agus caingean dlí a thionscnamh más riachtanach**
- **meastóireacht ar fhorálacha reachtúla atá ann agus atá molta maidir le rialú tobac agus moltaí a dhéanamh más riachtanach**
- **monatóireacht ar na forbairtí idirnáisiúnta laistigh de reachtóireacht agus dlíthíocht sa cheantar rialaithe tobac**

Níl aon iontas, go raibh cuid mhór d'obair na foirne cigireachta dírithe chuig cabhair a thabhairt do fheidhmiú na reachtaíochta ar láthreacha oibre gan cead caite.

Reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite

D'fhógair an t-Aire Sláinte agus Leanaí i mí Eanáir 2003 go mbeadh sé ag tabhairt isteach reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite ag tús 2004, leis an éifeacht nach mbeadh cead caite laistigh de láthair oibre fáilaithe ar bith. Mar ullmhú do thabhairt isteach na reachtaíochta, d'fhorbair an Fhoireann Chigireachta i gcomhoibriú leis na Boird Sláinte agus an Roinn Sláinte agus Leanaí, clár cigireachta náisiúnta gur thug san áireamh:

- **sraith de chomghnásanna agus córas sonraí**
- **líne chomhlíonta láithreach oibre gan cead caite**

Rudaí go léir a chuideodh le monatóireacht comhlíonta na reachtaíochta nuair a tháinig sé isteach.

Treorcháipéisí

I gcomhairle leis na príomhpáirtithe leasmhara, fostóirí, agus trádáil ceadúnaithe, d'fhorbair an Fhoireann Chigireachta sraith treorcháipéisí chun cuidiú a thabhairt do fhostóirí, agus lucht trádála ceadúnaithe, na forálacha den reachtaíocht a chomhlíonadh. Tairgeadh *Treoir le haghaidh Thrádáil Ceadúnaithe na hÉireann* agus *Treoir do Fhostóirí agus Bainisteoirí* agus soláthraíonn siad comhairle ar na céimeanna praiticiúla gur féidir bheith glactha ar pháirt an t-sealbhóra, bainisteora nó daoine eile atá i gceannas ar áitreabh ceadúnaithe chun a gcuid dualgais, go n-éiríonn ó Alt 47 den Acht

Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus Acht Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2004 a chomhlíonadh. Bhí thart ar 15,000 cóip de na treoircháipéisí seo eisithe chuig áitribh thrádála.

Láthair Oibre Gan Cead Caite Feidhmiú na reachtaíochta

Nuair a tháinig an reachtaíocht isteach laistigh de gach láthair oibre, beáir agus bialanna san áireamh, ar an 29ú lá de mhí Mhárta 2004, thosaigh na Boird Sláinte an Clár Cigireachta agus thosaigh chomh maith Foireann Chigireachta na h-Oifige an obair a bhaineann le comhordú an comhlíonta de Ailt 46 agus 47 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002 agus Achta Sláinte Poiblí (Tobac) (Leasú) 2004. Bhí eolas ar chomhlíonadh leis an reachtaíocht faighte ó na córais a bhí curtha i bhfeidhm ag an Fhoireann Chigireachta roimh thabhairt isteach na reachtaíochta. Is iadsan:

- Líne Chomhlíonta láithreach oibre gan cead caite
- An clár cigireachta náisiúnta um rialú tobac

Líne Chomhlíonta Saor Ó Thoit Tobac

Tháinig an 'glao íseal' Líne Chomhlíonta um láthair oibre gan cead caite i bhfeidhm ar an 29ú lá de mhí Mhárta 2004 agus é ag comhtharlú le tabhairt isteach na reachtaíochta. Ba mhaith leis an líne breis tacaíochta a thairiscint do thógáil agus chaomhnú an comhlíonta leis an reachtaíocht. Bhí monatóireacht bheacht ar an Líne Chomhlíonta le linn na bliana agus achoimríonn na sonraí seo a leanas an leibhéal glaonna faighte ag an líne.

Ó tháinig an reachtaíocht um láithreacha oibre gan cead caite isteach, bhí méid iomlán glaonna ar 3,121 chuig an Líne Chomhlíonta. Chuimsigh 1,881, nó 60% as na 3,121 glaonna faighte, de ghearáin. Fuarthas 49% de na glaonna (1,524) sa chéad mhí leis féin. Gearáin a bhí i 677 (44%) dóibh siúd. Tar éis an chéad mí, thit an toirt sa ghlaonna go seasta, le 196 nó 6% de na glaonna faighte i mí na Nollag. Féach ar Tábla 1 thíos do shonraí.



Imríonn an reachtaíocht ról géibheannach chun daoine a chosaint ón gcaitheamh fulangach tobac

Tábla 1- Líne Chomhlíonta Saor Ó Thoit Tobac

| Saghas Glao | Aibr.* | Beal. | Meith. | Iúil | Lún | M Fóm. | D Fóm. | Sam. | Noll. | IOML. |
|---------------------|-------------|------------|------------|------------|------------|------------|------------|------------|------------|-------------|
| Gearáin | 677 | 177 | 165 | 214 | 105 | 110 | 171 | 133 | 129 | 1881 |
| Eolas. Iarratas | 20 | 4 | 2 | 6 | 5 | 3 | 1 | 7 | 4 | 52 |
| Ceist | 464 | 49 | 37 | 37 | 23 | 23 | 28 | 38 | 31 | 730 |
| Cleas | 363 | 32 | 15 | 10 | 5 | 9 | 7 | 6 | 11 | 479 |
| Glao. Iomlán | 1524 | 262 | 219 | 267 | 138 | 145 | 207 | 184 | 175 | 3121 |

*Cuireann san áireamh glaonna déanta idir 29ú lá de mhí Mhárta agus 30ú lá de mhí Aibreáin 04

Go ginearálta, bhain 1,341 (71%) de na gearáin leis an an earnáil fáilteachais, agus 1,262 dóibh siúd ag tagairt d'áitribh cheadúnaithe.

Bhí imscrúdú gasta ar gach uile gearán chuig an líne chomhlíonta. Tharla méid ionchúiseamh as na gníomhartha fhorfheidhmithe de thoradh ar na gearáin seo. Cé gur thit an toirt de na glaonna chuig an líne comhlíonta go dtí deireadh na bliana, leanann an t-seirbhís 'glao íseal' ar aghaidh mar thacaíocht breise chun na leibhéil comhlíonta a chaomhnú.

An Clár Cigireachta Náisiúnta um Rialú Tobac

Ba í an dara foinse eolais ar chomhlíonadh ná na sonraí a tháinig ón chlár cigireachta a bhí faoi lámh gach bord sláinte. Gineadh an t-eolas seo ó úsáid na gcomghnásanna náisiúnta agus déanann sé cuntas agus tugann sé le fios ar an leibhéal náisiúnta de chomhlíonadh.

Ag deireadh na bliana 2004, threoraigh oifigigh sláinte comhshaoil ar fud na tíre méid iomlán de 34,957 scrúdú cigireachta /comhlíonta. Achoimríonn na táblaí agus cairteacha seo a leanas an t-eolas a bhí cruinnithe ón chlár cigireachta náisiúnta.


Soláthraíonn Tábla a 2 thíos achoimre de na sonraí faoi ghearáin, imscrúduithe agus leibhéil comhlíonta.

Tábla 2 – Sonraí Chomhlíonta Náisiúnta

| Saghas Gnó | Gearáin | Imscrúduithe | Alt 47 % Comhlíonta | Alt 46 % Comhlíonta |
|----------------------|--------------|---------------|------------------------|------------------------|
| Óstán | 84 | 1,454 | (1,359) 93% | (1,346) 93% |
| Bialann | 53 | 6,873 | (6,806) 99% | (5,725) 83% |
| Aitribh Cheadúnaithe | 1,814 | 14,400 | (12,918) 90% | (13,212) 92% |
| Eile | 479 | 12,230 | (11,817) 97% | (9,836) 80% |
| Iomlán | 2,430 | 34,957 | (32,900) 94% | (30,119) 86% |


Taispeánann Cairt a 1 an ráta comhlíonta ag deireadh na bliana, de réir an bhoird sláinte, maidir leis an soláthar láithreach oibre gan cead caite (Alt 47). Is é an príomhchinneadh fórais ó na sonraí ná go bhfuil ardleibhéal ar an gcomhlíonadh náisiúnta, le 94% de chomhlíonadh ar na háitribh a bhí scrúdaithe.

Cairt 1 – Alt 47 Toirmeasc ar Chaitheamh Tobac – % chomhlíonta de réir an Bhoird Sláinte



Taispeánann Cairt a 2 thíos an ráta comhlíonta de réir an bhoird sláinte, maidir le soláthar chomharthaíochta ‘Cosc ar Thobac’ (alt 46). Tuairiscíodh leibhéal chomhlíonta maidir le Alt 46 sa réimse ó 66 – 94% le meántoirt ar 86%.

Cairt 2 – Alt 46 Comharthaíocht ‘Cosc ar Thobac’ – % chomhlíonta de réir an Bhoird Sláinte



Taighde Margaidh ar Mheon agus Iompar an Phobail

Bhí an Oifig ag fáire an comhlíonadh agus an tacaíocht poiblí trí mheáin taighde a bhí coimisiúnaithe tríd an chomhlacht taighde TNS mrobi. Thug an t-eolas ón taighde seo tacaíocht leanúnach don tuairim go raibh comhlíonadh an dlí ar leibhéal ard le linn na bliana. Thaispeáin an taighde, as na n-hoibríthe uilig a chuireadh faoi cheist, thug 96% ,le fios nach raibh toit san atmaisféar oibre.Sna tithe tábhairne, bhí 98% de na daoine a chuireadh faoi cheist, agus a thug cuairt ar theach tábhairne an choicís roimhe sin, sásta a rá nach raibh toit san atmaisféar i gcomparáid le 46% roimh tabhairt isteach na reachtaíochta.

Ag Déileáil le Ceisteanna

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí thuasluaite, thug an Fhoireann Cigireachta freagairt ar réimse leathan iarratas faoi eolas ar an reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite agus tugadh treoir don tionscal fáilteachais agus láithreacha oibre eile. .

Clár Tástála Tobac

Faoi alt 51 an Achta Sláinte Poiblí (Tobac), 2002, tá an cumhacht ag an Aire Sláinte agus Leanaí saotharlann a shainiú mar áit anailíse do shamplaí tobac atá glactha faoi choimirce na reachtaíochta. Le linn na bliana, thosaigh an Fhoireann Cigireachta an próiseas scrúduithe den rochtain ar an saineolas agus aiseanna chun an clár tástála a bhí samhlaithe a chur i bhfeidhm. . Chuathas i gcomhairle le réimse saotharlann náisiúnta agus idirnáisiúnta chun an saineolas riachtnach agus aiseanna tástála a dhaingniú. Glacadh an cinneadh go bhfuil an inniúlacht ag an tSaotharlann Náisiúnta an spás saotharlainne, trealamh agus saineolas riachtanach a sholáthar chun anailís atá bainteach le tobac a chur i bhfeidhm.

Thosaigh an Oifig an obair, i gcomhoibriú leis An Roinn Sláinte agus Leanaí, an tSaotharlann Náisiúnta a shainiú agus tá dóchas go mbeidh deireadh leis an obair seo i 2005.

Beidh feabhsú tríd forbairt an cineál áise seo, agus an saineolas a bhaineann leis, ar an gcumas monatóireachta, comhairle agus smachta a chur i bhfeidhm maidir le ábhair agus astúcháin ó tháirgí tobac.

Monatóireacht ar Fhorbairtí Idirnáisiúnta

Ina theannta sin, lean an Fhoireann Cigireachta le linn na bliana leis an monatóireacht ar fhorbairtí idirnáisiúnta agus, go háirithe, thug sé cuidiú don obair maidir le rialú tobac ag leibhéal an AE. Thug an Oifig comhairle chomh maith ar an dul chun cinn maidir leis an daingniú den International Framework Convention on Tobacco Control (FCTC) de chuid Eagraíochta Dhomhanda Sláinte .

Cumarsáid agus Oideachas

Tá cruthúnas ann a thaispeánann an ról lárnach atá ag smachta imshaolacha agus rialachán uileghabhálach ar tháirgí tobac an tomhaltas de thobac a ísliú, i measc an aosa óig go háirithe. Bíonn na smachta seo éifeachtach nuair a bhíonn fios iomlán ag na daoine atá bainteach leo faoina gcuid dualgais féin agus, ag an am céanna, nuair a bheireann an tsochaí go ginearálta tacaíocht dóibh agus éilíonn sé comhlíonadh leo. Is é ról na Cumarsáide agus Oideachais ná eolas a sholáthar do mheon an phobail agus tacaíocht a thógáil suas do na h-idirghabhála ata riachtanach. Ba é an príomhdhúshlán, sa chomhthéacs 2004, ná an feidhmiú rathúil den tionscnamh láithreach oibre gan cead caite.

Ar an 29ú lá de mhí Mhárta 2004, tháinig Alt 47 de na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004 i bhfeidhm chun cosaint a thabhairt ar thríú páirtithe, macasamhail oibríthe, ón drochéifeacht de nochtadh an chaithimh fhulangach tobac. D'imir an Oifig um Rialú Tobac, mar an eagraíocht náisiúnta chomhordaithe don reachtaíocht rialaithe tobac, ról lárnach san imeacht seo.

Bhí réimse gníomhaíochtaí cumarsáide agus imeachtaí faoi lámh an Rannóg Cumarsáide agus Oideachais na h-Oifige chun feasacht agus comhlíonadh thionscantach a thógáil don bheart i measc príomh lucht éisteachta macasamhail fostóirí, fostaithe, custaiméirí agus baill den phobal. Bhí an Oifig ag obair go dlúth leis An Roinn Sláinte agus Leanaí agus na príomhpháirtithe leasmhara uilig a raibh páirt acu ag cinntiú go raibh tabhairt isteach rathúil don dlí nua. Agus an dlí nua i bhfeidhm, chuir plean cumarsáide na h-Oifige béim ar aibhsiú an ardleibhéal de chomhlíonadh leis, agus tacaíocht ar son, an dlí.

Ba iad, san áireamh, na gníomhaíochtaí a bhí faoi lámh na h-Oifige ná :

- **Feachtais Eolais Phoiblí**
- **Foilsíú agus dáileadh treoircáipéisí**
- **Foilsíú shonraí taighde**
- **Faisnéisiú sna meáin**
- **Preaseisiúintí**
- **Feachtas margaióchta díreach**
- **Forbairt Suímh Gréasáin**
- **Seimineáir**
- **Tuairiscí Sonraí Chomhlíonta**

Feachtais Eolais Phoiblí

Sheol an Oifig feachtas náisiúnta teilifíse agus raidio chun feachtas a ardú faoi thabhairt isteach na láithreacha oibre gan cead caite. Bhí an feachtas bunaithe ar dhá fhógra teilifíse de 20 soicind, fógra de 20 soicind ar an raidio and fógraíocht sa phreas a bhí foilsithe i bhfoilseacháin thrádála éagsúla.

Seoladh céim a haon den fheachtais ar an 2ú lá de mhí Mhárta 2004 ag an t-uiséal Michéal Martin TD, Aire Sláinte agus Leanaí agus cuireadh béim ar an tosach de láithreacha oibre gan cead caite an 29ú lá de mhí Mhárta. Bhí béim sa dara chéim, a thosaigh ar an 29ú lá de mhí Mhárta, ar chomhlíonadh leis an reachtaíocht úr a thógáil agus soláthraíodh sonraí den ‘glaó íseal’ an líne comhlíonta.

Lonnaíodh an fhógraíocht theilifíse sa thimpeallacht láithreach oibre – ceann amháin i mbeár /bialann agus ceann eile i n-oifig chun réimse leathan de na láithreacha oibre a thaispeáint. Chuir an feachtas béim ar aibhsiú an fhórais go mbeireann an caitheamh fulangach tobac aise scamhóg agus galar chróí leis.

Bhí téama an fheachtais ‘Oibríonn Saor Ó Thobac’ deartha chun an teachtaireacht a neartú go n-oibríonn láithreacha oibre gan cead caite ar son sláinte agus dea-bhraistint na bhfostaithe.

Ba í an tríú céim den fheachtais fógraíochta ná an feachtas teilifíse agus raidio, a bhí seolta mí Deireadh Fómhair, a neartú arís. Ba é cuspóir an fheachtais ná a thaispeáint go raibh comhlíonadh iomadúil leis an reachtaíocht ag an tromlach de fhostóirí, fostaithe agus pobal. Chuir sé i gcuimhne do dhaoine chomh maith go raibh láithreacha oibre gan cead caite ag obair agus go raibh líne comhlíonta ‘glaó íseal’ le fáil (1890 333 100) do dhaoine chun gearán a dhéanamh nó eolas a chuardach.

Sheol an tAire Seán Power TD ‘Oibríonn Saor Ó Thobac’ ag an Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann. Bhí lainseáil an fheachtais tacaithe le seimineár gairid, áit a raibh aird dírithe ar an leas sláinte den reachtaíocht gan cead caite . D’amharc léiriúcháin ag saineolaithe údarásacha siar ar thaighde idirnáisiúnta ar an iarmhairt sláinte de na polasaithe láithreacha oibre gan cead caite agus tólacadh chomh maith taighde atá i bhfeidhm i láthair na huairé i nÉirinn ar an éifeacht ar shláinte lucht oibre na mbeár tar éis tabhairt isteach an dlí nua.



Tá Saor Ó thobac
ag obair. Déan cinnte
go mbeidh go deo.

Foilseacháin

Is é ceann de phríomhfheidhmeanna na h-Oifige ná bheith i gcumarsáid leis, agus eolas a chraobhscaoileadh chuig, réimse leathan de lucht éisteachta. Go dtí an aidhm seo, foilsíonn an Oifig sraith de fhoilseacháin taighde agus eolais chomh maith le tuairiscí.

Foilsíodh i 2004 réimse treoirabhar chun tabhairt isteach na reachtaíochta um láthair oibre gan cead caite a thacú. Foilsíodh chomh maith dhá thuairisc comhlíonta i 2004 chun forbheathnú a dhéanamh ar an phictiúr náisiúnta ar chomhlíonadh leis na hAchtanna Sláinte Poiblí (Tobac) 2002 agus 2004.

Tá liosta iomlán de fhoilseacháin na h-Oifige le fail in Aguisín A.

Treoircháipéisí:

Cuireadh amach sraith cháipéisí faoi choimirce na h-Oifige chun eolas a thabhairt do fhostóirí, bhainisteoirí agus trádáil ceadúnaithe na hÉireann maidir leis na dualgais a bhí acu sa reachtaíocht. Cuireadh treoircháipéisí agus comharthaíocht, chomh maith le póstaerí, le fail i mBéarla agus i nGaeilge san áireamh. Fuair 15,000 áitribh thrádála ceadúnaithe treoireolas trí fheachtas phoist díreach roimh thabhairt isteach an dlí. Bhí na cáipéisí seo le fáil trí íoslódáil ó shuíomh gréasáin na h-Oifige .

Polasaithe Saor Ó Thobac agus an Earnáil Fáilteachais:

I mí na Márta d'eagraigh an Oifig faisnéisiú do na meáin chun foilseachán na tuairisce *Polasaithe Saor Ó Thobac* a sheoladh: *Taighde Margaidh agus Léirmheas Litríochta faoi na h-Éifeachtaí ar an Earnáil Fáilteachais*, a bhí coimisiúnaithe ag an Oifig.. D'amharc an chéad pháirt den tuairisc ar mheon an phobail ó thaobh cead caite sna tithe tábhairne agus beáir. Thug an dara chuid den tuairisc léirmheas chriticiúil den litríocht atá foilsithe go dtí seo ó bheirt eacnamaí neamhspleách ar an taití ó thíortha eile a thug isteach cheana reachtaíocht gan cead caite.

Foilseacháin Eile

Le linn 2004, chuir an Oifig amach foilseacháin eile, san áireamh, bileog eolais nuashonraithe do thomhaltóirí darbh ainm *An Caitheamh Fulangach Tobac: Na Fircí*, a bhí ag aibhsiú cad é an rud an caitheamh fulangach tobac agus an baol a bhaineann leis. Bhí an bhileog seo scaipthe go forleathan ag an Oifig agus méid eagraíochtaí neamhrialtasacha.

Rinneadh eagrán athbhreithnithe den dara bileog eolais leis an teideal *Cur Chun Cinn Sochaí Saor Ó Thobac*, agus tugann sé forbheathnú de na bearta rialaithe tobac i nÉirinn sna blianta a chuaigh thart, bunú san áireamh na hOifige um Rialú Tobac agus tabhairt isteach na láithreacha oibre gan cead caite.



Preaseisiúintí

Rud a bhí rithábhachtach ó thaobh tabhairt isteach agus feidhmiú na reachtaíochta nua ná tacaíocht an phobail a ghlacadh isteach go forleathan chun ardleibhéal comhlíonta a thógáil suas. Mar roinnt de fheachtas réamhghníomhach poiblí agus caidrimh na meán, eisíodh preaseisiúintí i gcomhtharlú le h-imeachtaí móra na h-Oifige bhí ag dul ar aghaidh thart ar an tionscnamh sláinte poiblí suntasach seo.

Comhdháil Uachtaránachta an AE

Fuair an Oifig um Rialú Tobac cuireadh comhdháil a h-óstáil agus a h-eagrú thar cheann an Aire Sláinte agus Leanaí i gcomhthéacs Uachtaránachta na hÉireann den Aontas Eorpach. Chomhimeacht Uachtaránachta / an Choimisiún Eorpach ab ea an chomhdháil leis an teideal, *Athrú Mór San Aer – treo an todhchaí – rialú tobac san Aontas Eorpach*.

Ba í aidhm na comhdhála ná léirmheas a dhéanamh ar na polasaithe rialaithe tobac san Aontas Eorpach. Chuir an clár béim ar stocáireamh a dhéanamh ar na rudaí atá bainte amach go dtí seo san ábhar agus i gcomhthéacs le méadú an Aontais Eorpaigh, thug sé deis chun díospóireacht a bheith againn ar chén áit a bhfuil muid ag dul ó anseo san aonú chéad is fiche agus, go sainiúil, moltaí a dhéanamh don fhorbairt rialaithe ar tobac san Eoraip thar ar an gcéad deich mbliana eile.

Rinne an chomhdháil sraith moltaí a bhí eisithe do na toscairí agus atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na h-Oifige agus suíomh gréasáin na Stiúrthóireachta Sláinte agus Cosanta an Tomhaltóra an Choimisiúin Eorpaigh. Ba í aidhm na moltaí ná leasa a thabhairt don pholasáil leanúnach, agus san am seo amach, ó thaobh rialaithe tobac laistigh den Aontas Eorpach agus bunaithe ar bhunús eolaíochta níos láidre. Achoimrítear gníomhaíochtaí ag an leibhéal náisiúnta agus san Eoraip chomh maith. Aibhsíonn na moltaí an riachtanas do chur chuige uileghabhálach agus iltoiseach ar rialú tobac ag glacadh isteach cosc, cosaint, staonadh agus ísliú ar dhochar, chomh maith le ceannasaíocht pholaitiúil agus an gá do na rudaí seo a bheith pléite i measc an phobail agus cumhacht a thabhairt dó agus lucht coiméadaithe geallta i dtacú do pholasaithe rialaithe tobac.

Ceisteanna Eolais

I 2004, tháinig cuid mhór iarratas eolais tríd an Oifig via fón, facs, ríomhphost agus litreacha. Tá feidhm ‘déan teagmháil linn’ ag an suíomh gréasáin na h-Oifige fosta agus bhí méid iarratais suntasacha faighte againn ón bhealach seo. Déileáladh chomh maith le fiosrúcháin ón ghairm sláinte ag baint le cúrsaí rialaithe tobac.



Tá athrú san aer. Treo an todhchaí rialú tobac san AE.

Caidreamh leis na Meáin

Bhí an suim ó na meáin náisiúnta i bhfad níos mó le linn 2004 nó bhí an reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite ag teacht isteach ar an 29ú lá de mhí Mhárta 2004. Ó thaobh go raibh Éire ina céad tír ar an domhan lena leithéid de reachtaíocht a thabhairt isteach, d'éirigh aird na meán thar lear chomh maith leis an toradh sin go raibh ráchairt ollmhór agus leanúnach ar ionchur don phreas agus rannpháirtíocht sa nuacht, cúrsaí reatha, cláracha faisnéise agus cláracha eile raidió agus teilifíse.

De thairbhe sin, láimhseáil an Oifig agus an Roinn Oideachais níos mó ná 1,000 fiosrúchán preasa. Tharla cuid mhór agallamh beo, nó taifeadtha, i ndiaidh na bhfiosrúchán seo le hurlabhraí na h-Oifige do réimse leathan de na meáin, preasa agus craolta, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí ár ngníomhaíochtaí i mbéal an phobail agus mar ábhar cainte sna meáin le linn na bliana.

Rinneadh ailt faoin Oifig agus a cuid oibre i bhfoilseacháin cheardchumainn, trádáil miondíola agus tomhaltóra.

Suíomh Gréasáin

Iomraíonn suíomh Gréasáin na h-Oifige www.otc.ie ról ríthábhachtach agus é i gcumarsáid leis, agus ag craobhscaoileadh eolais chuig, réimse leathan den lucht éisteachta, náisiúnta agus idirnáisiúnta, bíodh sin an pobal go ginearálta, na meáin, na comhpháirtithe sóisialta, lucht gairme sláinte, na comhpháirtithe rialaitheacha agus na h-eagraíochtaí neamhrialtasacha.

I 2004 bhí an suíomh gréasáin nuashonraithe go rialta le phreaseisiúintí, foilseacháin agus eolas cuí ar réimse ábhar a bhaineann le rialú tobac.

Gníomhaíochtaí sainaitheanta ar an ghréasáin i 2004 a leanas:

- **Bunú eislíon fhorfheidhmithe a bheireann an t-aistriú eolais ó ghlaonna go dtí an líne comhlíonta agus ar aghaidh chuig na h-oifigigh atá údaraithe an reachtaíocht um láithreacha oibre gan cead caite a fhorfheidhmiú**
- **An fhorbairt de mhír fíorthábhachtach dar ainm ‘Láithreacha Oibre Gan Cead Caite’ a thugann eolas maidir leis na gnéithe is tábhachtaí sa bhearta sláinte phoiblí tromchúiseach seo, san áireamh, an reachtaíocht, forfheidhmiú an dlí, an líne comhlíonta agus na tuairiscí comhlíonta atá foilsithe ag an Oifig**
- **An fhorbairt de mhír in ‘Imeachtaí’ don Comhdháil Uachtaránachta leis an teideal, Athrú Mór San Aer – treo an todhchaí – rialú tobac san Aontas Eorpach. Chuir an mhír seo san áireamh clár na comhdhála agus an sceidil**

Comhpháirtíocht

Príomhchion oibre atá ann don Oifig úinéireacht a leathnú den tionscnamh ‘Sochaí Saor Ó Thobac’. Lean muid ar aghaidh leis an teagmháil le príomhghrúpaí, mar ceardchumann, agus rannpháirtíocht a spreagadh do dhaoine agus eagraíochtaí sa bhaile agus thar lear i ngníomhaíochtaí rialaithe tobac. Tá ról na eagraíochtaí neamhrialtasacha aitheanta go maith i rialú ar tobac agus le linn na bliana bhí an Oifig ag obair go dlúth le ASH Ireland, Cumann Ailse na hÉireann, Foras Croí Na hÉireann, an Cumann Oifigigh Sláinte Comhshaoil chomh maith le comhlachtaí eile agus eagraíochtaí gairmiúla chun cinntiú an feidhmiú rathúil den reachtaíocht saor ó thoit tobac.

Le linn 2004 bhí muid réamhghníomhach mar bhall den stiúrghrúpa san fheachtas Plean Gnímh Um Staonadh An Chaitheamh Tobac atá faoi choimirce na Ranna Sláinte agus Leanaí. Bunaíodh an grúpa i 2003 leis an cion oibre ag cinntiú agus comhordú go mbeadh rochtain ag an pobal do sheirbhísí iomchuí agus fairsing go leor don staonadh ar an gcaitheamh tobac.

Le linn 2004, rinne an grúpa éascaíocht agus thug sé comhairle ar fhorbairt chláracha agus ábhair chun cuidiú a thabhairt don lucht caithimh tobac éirí as agus tacaíocht chomh maith do thabhairt isteach na reachtaíochta saor ó thoit tobac.

Rinneadh léiriúcháin ag réimse imeachtaí le linn na bliana, san áireamh, an Chomhdháil Domhanda Cairdiach i mBaile Átha Cliath, an Chomhdháil Um Toit Tobac Sa Thimpeallacht Dochtúirí An Choláiste Ríoga i Londain agus an chomhdháil náisiúnta *Ar an Bhealach go Timpeallacht Saor Ó Tobac* i nDún Éidinn, Albain. Ghlac an Oifig páirt chomh maith i gComhdháil An Chumann Idirnáisiúnta in éadan na h-Ailse i mBaile Átha Cliath, i gComhdháil na n-Oifigeach Sláinte Chomhshaoil agus Príomh Scoil Gheimhridh Bhord Sláinte an Iarthuaiscirt Um Staonadh ó Chaitheamh Tobac.

Is ábhar domhanda sláinte poiblí an tobac agus bhí réimse toscaireachtaí idirnáisiúnta agus parlaiminteacha ó cheithre choirnéal an domhain i dteagmháil leis an Oifig chun níos mó a fháil amach maidir leis an clochlú i nÉirinn go dtí láithreacha oibre gan cead caite m.sh. An Danmhairg, An Iorua, Albain, An t-Sualainn agus an Ríocht Aontaithe.

Taighde

Tá an taighde ríthábhachtach do shaothar na h-Oifige maidir le rialú tobac agus, faoi Alt 10 den Acht Sláinte Poiblí (Tobac) 2002, is í feidhm na h-Oifige ná:

“...{d} glacadh i láimh, dul in urrús, nó coimisiún a bhronnadh, nó cuidiú airgeadais nó macasamhail a shannadh do thaighde leis an aidhm bearta a aithint agus, dá mbeadh siad curtha i bhfeidhm, go mbeadh dóchúil an mhinicíocht de chaitheamh tobac nó an éifeacht a bhfuil aige a isliú;

(e) déanamh réidh agus foilsiú, ar bhealach cuí dar leis, tuairiscí ar thaighde ar bith atá glactha i láimh, urraithe nó coimisiúnaithe, nó áit a raibh cabhair airgeadais nó cuidiú eile sannta faoi paragraf (d)”.

Le linn 2004 bhí na hábhair oibre seo a leanas forbartha ó thaobh taighde de:

- **Bunaíocht den Institiúid Taighde do Shochaí Saor Ó Thobac**
- **Staidéar um Oibríthe Beáir uile Éirinn**
- **Suirbhé Mheon an Phobail**

An Institiúid Taighde do Shochaí Saor Ó Thobac

Comhlacht srianta atá san Institiúid atá bunaithe i gcomhpháirtíocht idir an Oifig um Rialú Tobac agus ASH Ireland / Cumann Ailse na hÉireann, Foras Croí Na hÉireann.

Bhí cur chun cinn déanta ag an Institiúid Taighde i 2004 nuair a cheapadh Stiúrthóir Ginearálta.

Lonnaíodh an Institiúid Taighde i n-áitreabh nua i mBaile Átha Cliath chomh maith agus tugadh dhá phost páirt aimsire dó chun cuidiú a thabhairt do riarachán na h-Oifige agus chun taighde a ghlacadh i láimh maidir le rialú tobac.

Tá réimse fiontair taighde leanúnach ag an Institiúid Taighde a bhaineann leis an reachtaíocht um láithreacha oibre gan cead caite. San áireamh, tá measúnú ar nochtadh do chaitheamh fulangach tobac i mbeáir agus áiteanna díolmhaithe agus eacnamaíocht cógais. Is iad na fiontair eile atá ag an chéim pleanála ná an tionchar ó dhaoine fásta ar na rátaí caitimh tobac agus na h-éifeachtaí ar pháistí atá ag caitheamh..

Tá na fiontair taighde seo ag céimeanna forbartha difriúla agus tá dóchas ann go mbeidh cuid daoibh réidh i 2005.

Staidéar um Oibrithe Beáir uile Éirinn

Thosaigh an staidéar seo i 2003 leis an aidhm an iarmhairt a mheasúnú den reachtaíocht ar nochtadh do chaitheamh fulangach tobac agus an tsláinte riospráideach ar oibrithe beár i bPoblacht na hÉireann tríd comparáid ar na leibhéil a dhéanamh roimh theacht bhfeidhm den dlí agus ina dhiaidh, i méid áiteanna uirbeacha agus faoin tuath sa Phoblacht agus i dTuaisceart na h-Éireann.

Tá ceithre lárionad taighde ; Baile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh agus Tuaisceart na h-Éireann. Thosaigh an chéad céim den staidéar roimh theacht isteach an dlí saor ó thobac mí na Márta 2004. Thosaigh an dara céim mí Meán Fómhair 2004 agus beidh sé réidh mí na Márta 2005.

Ghlac 329 oibrithe beáir páirt sa bhunsuirbhé ó Bhaile Átha Cliath, (91) Corcaigh (129) Gaillimh (68) agus Tuaisceart na h-Éireann (41) (Doire, An Trá Ban agus Léim an Mhadaigh).

Tá dóchas ann go mbeidh an staidéar réidh agus foilsithe san fhómhar 2005.

Suirbhé Mheon an Phobail

Le linn 2004, mar roinnt den déanamh réidh agus monatóireacht den reachtaíocht um láithreacha oibre gan cead caite, thug an Oifig coimisiún don gníomhaireacht taighde TNS mbe an taighde seo a leanas a ghlacadh i láimh:

- **Bhí suirbhé faoi thuairimí an phobail maidir leis an reachtaíocht déanta roimh an thabhairt isteach an reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite**
- **Suirbhéanna faoi thuairimí an phobail maidir leis an reachtaíocht tar éis teacht i bhfeidhm na reachtaíochta i mí na Márta 2004**
- **Taighde loirg míosúil ar an leitheadúlacht an chaithimh tobac a thosaigh mí Meitheamh 2002 agus lean ar aghaidh go 2004**

Cruthaíonn an cinneadh fórais ón dá príomhsuirbhéanna pháirt de na tuairiscí comhlíonta den reachtaíocht um láthair oibre gan cead caite a bhí ullmhaithe ag Foireann Cigireachta na h-Oifige le linn na bliana . Tá an tuairisc ar leitheadúlacht agus eolas ón dtaighde loirg míosúil le fail ar ár suíomh gréasáin.

Is é an cath i gcoinne an tobac
ceann de na dúshláin is tabhachtaí
atá os ár gcomhair

Gnóthaí Corparáide

Is í feidhm na Roinne Gnóthaí Corparáide ná tacaíocht a thabhairt do obair na h-Oifige agus córais a chur isteach chun rialú maith a chinntiú. Tá freagracht ag an roinn ar son:

- **Daonacmhainní**
- **Cóiríocht**
- **Teicneolaíocht Eolais Chumarsáide**
- **Polasaithe agus gnásanna**
- **Airgeadas**

Bheireann an roinn tacaíocht rúnaíochta chomh maith don Bord agus cuid de na coistí.

Daonacmhainní agus Oiliúint

I 2004, d'fhorbair an roinn iomaíochtaí earcaíochta, d'eagraigh agus chuir in ord oiliúint don fhoireann sa cheantar de TF, shábháilteacht ó dhóiteán do oifigigh traenála, shábháilteacht ó dhóiteán do bhainisteoirí, bhogearraí nua cuntais agus traenáil forbartha suímh gréasáin.

Cóiríocht

Ag deireadh 2004, fuair an Oifig ceadú ón Roinn Sláinte agus Leanaí chun cóiríocht nua a fháil sa dóigh go mbeadh sé ábalta a chuid riachtanais i láthair na huaire, agus ón am seo amach, a chomhlíonadh.

TF bonneagar

Dhaingnigh an Oifig nasc leathanbhanda luath sa bhliain 2004, rud a chur feabhsú ar an éifeachtacht in ár n-úsáid den idirlíon agus ríomhphost. Bhí gach stáisiún oibre nuashonraithe le bogearraí slándála/frithvireas agus ag an am céanna bhí gach córas oibriúcháin do na stáisiún oibre uilig agus na freastalaithe nuashonraithe . Bhí an córas ríomhphoist nuashonraithe chomh maith le linn an bonneagar a bheith cuíchóirithe tríd na freastalaithe a chomhdhlúthú isteach i bhfreastalaí ardsainithe amháin.

Polasaithe agus Gnásanna

I 2004 cuireadh i bhfeidhm polasaí úsáide ríomhaireachta idirlín don fhoireann iomlán. Lean an Oifig ar aghaidh fosta le bearta nua a thabhairt isteach chun rialú corparáide maith a chinntiú .

Airgeadas

Is í ceann de phríomhfheidhmeanna na roinne gnóthaí corparáide ná an mhonatóireacht de, agus tuairisc a sholáthar go rialta faoi bhuiséad socraithe na h-Oifige chun chomhlíonadh a chinntiú faoi riar na reachtaíochta um cuntasacht agus íocaíochtaí láithreacha.

Bhí buiséad socraithe ag an Oifig ar €2.426m i 2004, le caiteachas iarraidh amháin san áireamh ar ábhair áirithe maidir le Comhdháil an AE a riaradh. Tá cur síos faoin gcaiteachas sa chuntas airgeadais. Chun feabhsú a chur ar ár gcórais cuntasáíochta, chuir an roinn córas bhogearraí nua cuntasáíochta i bhfeidhm.

Cuntais Airgeadais (Neamhinieúchta)

Ráiteas de Pholasaithe Cúntasaíochta

Cuireadh na polasaithe cuntasáochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag dul i ngleic le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais.

A. Bunús Cuntasáochta

Réitítear na ráitis airgeadais faoin mhodh fabhrúithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus faoin choinbhinsiún stairiúil costais sa bhfoirm a ceadáíodh ag an Aire Sláinte agus Leanaí, i gcomhairimh leis an Aire Airgeadais i gcomhar le Mír 24 den Acht Shláinte Poiblí(Tobac), 2002.

Tugtar Caighdeáin Tuirisciú Airgeadais a mholtar ag na comhlachtaí cúntasaíochta aitheanta ar bord, nuair gur féidir iad a chur i bhfeidhm. Cloíonn an Oifig leis na caighdeáin chúntasaíochta éisithe ag an Aire Sláinte agus Leanaí freisin.

B. Deontais Stáit

Coinnítear cuntas ar dheontais ón Roinn Sláinte agus Leanaí ar bhonn infhála.

Is iad an méid don bhliain leithdháilte ag an Roinn na deontaisí ón Roinn Sláinte agus Leanaí go dtí dáta an dheimhniúcháin de na cuntais ag an Oifigeach Príomhfheidhmiúcháin.

C. Sócmhainní Inbhreathnaitheacha seasta agus Dímheas.

Taispeáintear sócmhainní inbhreathnaitheacha seasta ag an chostas lúide dímheas carnaithe. Gearrtar an dímheas sa chúntas ioncaim agus chaiteachais, ar bhonn dhronlíne, ag na rátaí bliantiúla a leagtar amach thíos, le na sócmhainní a dhíscríobh, curtha in óiriúint do luach measta iarmharach, thar an saol úsáideach ionchais de ghach eanáil cúí.

(i) Trealamh ríomhaireachta agus bogearraí 33%

(ii) Daingeáin agus Feistithe 15%

(iii) Trealamh cumarsáide 15%

Cuigtear dímheas bliana san áireamh i mbliain an sealbhaithe.

D. Cúntas Chaipitil

Léiríonn an Cúntas Chaipitil an luach neamhchónascaithe d'ioncam ón Roinn Sláinte agus Leanaí úsáidithe do chuspóirí chaipitil.

Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2004

| | Nóta | 31/12/2004 € | 31/12/2003 € |
|------------------------------------|------|------------------|------------------|
| Ioncaim Maoinithe | 1 | 2,451,300 | 1,925,000 |
| Ioncaim Ildisciplíneach | 2 | 1,645 | 10,269 |
| | | <hr/> | <hr/> |
| | | 2,452,945 | 1,935,269 |
| Aistriú chuig Cúntas Chaipitil. | 8 | 8,833 | (1,580) |
| | | 2,461,778 | 1,933,689 |
| Tuarastail & Pá | 3 | 787,477 | 639,511 |
| Costais Oibriúcháin eile | 4 | 1,511,361 | 1,135,179 |
| | | 2,298,838 | 1,774,690 |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 162,940 | 158,999 |
| Cothromaíocht ar an 1ú Eanáir 2004 | | 222,143 | 63,144 |
| | | 385,083 | 222,143 |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad na polasaithe cuntasáíochta ar lth 28, agus na nótaí 1-10.

Níl gnóchain nó cailliúintí aitheanta ag an Oifig taobh amuigh dóibh siúd atá sa chúntas Ioncaim agus Caiteachais.

Clár Comhardaithe

ag 31ú Nollaig 2004

| | Nóta | 31/12/2004 € | 31/12/2003 € |
|--|----------|-----------------|-----------------|
| Sócmhainní Inbhreathnaitheacha | 5 | 50,572 | 59,405 |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Banc | | (405,453) | 563,776 |
| Féichiúnaithe & Roimhíochtaíochtaí | 6 | 1,102,825 | 36,162 |
| | | 697,372 | 599,938 |
| Creidiúnaithe – Suimeanna iníoctha laistigh de bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe & i dTaisce | 7 | 312,289 | 377,795 |
| Sócmhainní Reatha ríomhcháineacha | | 385,083 | 222,143 |
| Sócmhainní iomlána roimh cáin | | 435,655 | 281,548 |
| Maoinithe ag : | | | |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais | | 385,083 | 222,143 |
| Cúntas Chaipitil | 8 | 50,572 | 59,405 |
| | | 435,655 | 281,548 |

Ráitis Airgid Thirim screabhúil

don bhliain a chríochnaigh ar an 31ú Nollag 2004

| Nóta | 31/12/2004 € | 31/12/2003 € |
|---|------------------|------------------|
| Athmhuintearas de fhuilleach d'airgead tirim screabhúil do ghluaiseacht i gcistí ríomhcháineacha | | |
| (Easnamh)/Barrachas don tréimhse | 162,940 | 158,999 |
| Aistriú chuig Cúntas Chaipitil | (8,833) | 1,580 |
| Costas Dímhéasa | 30,214 | 45,027 |
| (Meadú)/ Laghdú i bhFéiciúnaithe | (1,066,663) | (21,873) |
| (Laghdú)/Meadú i gCreidiúnaithe | (65,506) | (398,156) |
| Úis Taisce | (1,584) | (2,790) |
| Airgead Tirim sceithithe ríomhcháineach ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | (949,432) | (217,215) |
| Ráitis Airgid Thirim Screabhúil | | |
| Airgead Tirim ríomhcháineach insreabheafa ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | (949,432) | (217,215) |
| Brabús ar Infhéistíochtaí agus Seirbhísíú Airgeadais | | |
| Úis Taisce a Fuarthas | 1,584 | 2,790 |
| Caiteachas Caipitil | | |
| Íocaíochtaí le Sócmhainní Inbhreithnaitheacha seasta a fháil | (21,381) | (46,607) |
| Laghdú in Airgead Tirim | (969,229) | (261,032) |
| Athmhuintearas de airgead tirim screabhúil do ghluaiseacht i gcistí ríomhcháineacha | | |
| Cistí ríomhcháineacha ag tús na bliana | 563,775 | 824,807 |
| Airgead tirim ríomhcháineach sceithithe | (969,229) | (261,032) |
| Cistí ríomhcháineacha ag deireadh na bliana | (405,454) | 563,775 |

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

don bhliain a chríochniagh ar an 31ú Nollaig 2004

| Nota | 31/12/2004 | 31/12/2003 |
|--|------------------|------------------|
| | € | € |
| 1. Ioncaim Maoinaithe | | |
| Deontas ón Roinn Sláinte agus Leanaf | 2,383,300 | 1,837,000 |
| Deontas Costais leanúnach ÚRSO | 68,000 | 88,000 |
| | 2,451,300 | 1,925,000 |
| 2. Ioncaim Ildisciplíneach | | |
| Úis Taisce | 1,645 | 2,790 |
| Ilchineálach | - | 7,479 |
| | 1,645 | 10,269 |
| 3. Pá agus Tuarastail | | |
| Cuimsíonn Costais Foirne: | | |
| Tuarastail agus Pá | 326,822 | 261,398 |
| Tuarastail cuidithe | 428,095 | 357,767 |
| Costais Aracháis Shoisialta | 24,302 | 18,111 |
| Foireann Ionadaíochata | 8,258 | 2,235 |
| | 787,477 | 639,511 |
| Ba é an meánuimhir a fhostaíodh i rith na bliana ná 14 | | |
| 4. Costais Oibríocháin Eile | | |
| Táille Iniúcháireachta | 6,600 | 3,000 |
| Costais Taistil | 32,733 | 62,535 |
| Oiliúint | 2,349 | 12,804 |
| Árachas | 4,459 | 2,157 |
| Stáiseanáireacht, Foilseacháin agus Postas | 19,852 | 25,880 |
| Teileafón agus Idirlín | 26,914 | 18,729 |
| Institiúid Taighde | 104,000 | - |
| Costais Thaighde Bhreise | 104,633 | 208,969 |
| Glanadh agus Fódóireacht | 11,215 | 6,042 |
| Creatlach Cigireachta | 121,840 | 37,121 |
| Táillí Seirbhíse agus Cíos | 43,928 | 43,928 |
| Táillí Dlithiúla agus Proifisiúnta | 73,987 | 83,231 |
| Comhdhálacha | 207,302 | 59,965 |
| Cumarsáid agus Oideachas | 38,899 | 176,836 |
| Feachtais Eolais Phoiblí | 622,487 | 321,266 |
| Dímheas | 30,214 | 45,027 |
| Costais Oibríocháin Eile | 59,949 | 27,682 |
| | 1,511,361 | 1,135,179 |

5. Sócmhainní Inbhreathnaitheacha Seasta

| | Trealamh Ríomhaireachta € | Trealamh Cumarsáide € | Daingneáin agus Feistithe € | Iomlán € |
|----------------------------------|---------------------------------|-----------------------------|-----------------------------------|----------------|
| Ar an 1ú Eanáir 2004 | 116,368 | 25,461 | 18,716 | 160,545 |
| Fúilleach don tréimhse | 20,207 | 0 | 1,174 | 21,381 |
| Ar an 1ú Eanáir 2004 | 136,575 | 25,461 | 19,890 | 181,926 |
| Dímheas Carnaithe | | | | |
| Ar an 1ú Eanáir 2004 | 83,554 | 10,248 | 7,338 | 101,140 |
| Táille don tréimhse | 23,878 | 3,389 | 2,947 | 30,214 |
| Ar an 31ú Nollag 2004 | 107,432 | 13,637 | 10,285 | 131,354 |
| Luach Leabhair Roimh Cáin | | | | |
| Ar an 31ú Nollag 2004 | 29,143 | 11,824 | 9,605 | 50,572 |
| Ar an 31ú Nollag 2004 | 32,814 | 15,213 | 11,378 | 59,405 |

Note

31/12/2004

31/12/2003

€

€

6. Feiciúnaithe agus Ríomhíochtaíochtaí

| | | |
|--------------------|------------------|---------------|
| Ioncam Fásaithe | 1,091,833 | - |
| Ríomhíochtaíocht | 9,592 | 29,296 |
| Úis Taisce infhála | 1,400 | 1,339 |
| Pá ríomhíocaithe | - | 5,526 |
| | 1,102,825 | 36,161 |

7. Creidiúnaithe agus Fásaithe

| | | |
|----------------------------|----------------|----------------|
| Soláthairtí agus Seirbhísí | 185,099 | 254,643 |
| Iníúchadh | 6,600 | 13,300 |
| Párolla | 9,796 | 7,356 |
| Roinn Sláinte & Leanaí | 107,707 | 65,007 |
| Cánachas eile | 3,087 | 37,489 |
| | 312,289 | 377,795 |

| | 31/12/04 | 31/12/03 |
|---|---------------|---------------|
| | € | € |
| 8. Cúntas Chaipitil | | |
| Ar an 1ú Eanair 2004 | 59,405 | 57,825 |
| Aistriú Ó/(Chuig) Cúntas Ioncaim agus Cuntas Caiteachais | | |
| Cistí leithdháilte le sócmhainní seasta a fháil | 21,381 | 46,607 |
| Méid cónascaithe le dímhéas shócmhainní | (30,214) | (45,027) |
| Cothromaíocht ar an 31ú Nollag 2004 | 50,572 | 59,405 |
| 9. Leasanna Comhaltaí an Bhoird | | |
| <p>Thug an bord gnásanna i ndáil leis na treoirlínte éisithe ag an Roinn Airgeadais ar bord i dtaca leis an nochtú leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus clíodh leis na treoirlínte seo sa bhliain. Ní raibh idirbhearta sa bhliain i dtaca le gníomhaíochtaí ina raibh suim tairbheach ag Ball den Bhord ann.</p> | | |
| 10. Roinn Sláinte agus Leanaí | | |
| <p>Seasann an figiúir €107,707 d'aisghabháil den scóth de €65,007 ag an Roinn Sláinte agus Leanaí sna blianta 2000/01 agus aisíoc de €42,700 a dhéanamh don bhliain 2004 atá ag dul don Roinn Sláinte agus Leanaí roimh 31/12/2004.</p> | | |

Aguisín A

FOILSEACHÁIN DE CHUID na h-OIFIGE um RIALÚ TOBAC

| Rangú | Foilseachán |
|---------------------------|---|
| Treoir | Treoir do fhostóirí agus bainisteoirí Treoir don lucht trádála ceadúnaithe Éireannach |
| Bileoga eolais | An Caitheamh Fulangach Tobac: na fíricí Ag cur chun cinn sochaí saor ó thobac Achoimre den tuairisc ar na h-iarbhairtí sláinte ó thoit tobac sa thimpeallacht (TTT) laistigh den láthair oibre. |
| Tuairisci | Feidhmiú na reachtaíochta um láithreacha oibre saor ó thobac – tuairisc ar dhul chun cinn - Mí Bealtaine Feidhmiú na reachtaíochta um láithreacha oibre saor ó thobac - tuairisc sé mhí ar dhul chun cinn - Ar An Bhealach Go Dtí Sochaí Saor ó Thoit Tobac - achoimre den tuairisc An Ghrúpa Athbhreithnigh An Polasaí Saor Ó Thobac |
| Taighde | Polasaithe saor ó thobac - taighde margaidh agus léirmheas litríochta faoi na h-iarbhairtí geilleagair ar an earnáil fáilteachais Mná na hÉireann agus tobac: eolas, meonta agus tuairimí Tuairisc ar na h-iarbhairtí sláinte ó thoit tobac sa thimpeallacht (TTT) laistigh den láthair oibre. |
| Comharthaí agus Póstaeirí | Fógra Cosc ar Thobac Fógra Cosc ar Thobac sna tithe tábhairne |

Notáí